Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**5967/22**
**ADD 1**

**TRANS 63**
**DELACT 16**
**TELECOM 40**
**IND 30**
**DIGIT 25**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Feabhra 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 492 final - Iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama uile-AE a sholáthar |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 492 final - Iarscríbhinn.

---

Faoi iamh: C(2022) 492 final - Iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.2.2022
C(2022) 492 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún**

**lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama uile-AE a sholáthar**

# IARSCRÍBHINN

*(dá dtagraítear in Airteagail 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 13 agus 14)*

(1) Na cineálacha sonraí maidir le bonneagar:

(a) Naisc idir gréasáin bhóithre agus a saintréithe fisiceacha:

(i) geoiméadracht;

(ii) leithead na mbóithre;

(iii) líon lánaí;

(iv) grádáin;

(v) acomhail;

(b) aicmiú bóthair;

(c) suíomh stáisiúin dolaí;

(d) suíomh limistéir seirbhíse agus limistéir scíthe;

(e) suíomh pointí athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha agus na coinníollacha maidir lena n-úsáid;

(f) suíomh gás nádúrtha comhbhrúite, gás nádúrtha leachtaithe, stáisiúin gáis pheitriliam leachtaithe;

(g) suíomh pointí athbhreoslaithe agus stáisiúin le haghaidh gach cineáil eile breosla;

(h) suíomh limistéir seachadta.

(2) Na cineálacha ríthábhachtacha sonraí maidir le rialacháin agus srianta:

(a) rialacháin tráchta statacha agus dinimiciúla, i gcás inarb infheidhme:

(i) coinníollacha rochtana le haghaidh tolláin;

(ii) coinníollacha rochtana le haghaidh droichid;

(iii) srianta buana ar rochtain;

(iv) teorainneacha luais;

(v) rialacháin maidir le seachadadh lasta;

(vi) coisc scoite ar fheithiclí earraí troma;

(vii) srianta ar mheáchan/fad/leithead/ard;

(viii) sráideanna aontreo;

(ix) teorannacha srianta, toirmisc nó oibleagáidí a bhfuil bailíocht limistéir acu, stádas reatha rochtana agus coinníollacha le haghaidh cúrsaíochta i limistéir tráchta rialáilte;

(x) treo taistil ar lánaí inchúlaithe;

(b) pleananna cúrsaíochta tráchta.

(3) Cineálacha eile sonraí maidir le rialacháin agus srianta:

(a) suíomh agus sainaithint comharthaí tráchta lena léirítear rialacháin tráchta agus lena sainaithnítear contúirtí:

(i) coinníollacha rochtana le haghaidh tolláin;

(ii) coinníollacha rochtana le haghaidh droichid;

(iii) srianta buana ar rochtain;

(iv) comharthaí tráchta eile a léiríonn rialacháin tráchta;

(b) rialacháin tráchta statacha agus dinimiciúla, i gcás inarb infheidhme, seachas na rialacháin tráchta dá dtagraítear i bpointe (2);

(c) bóithre dola, táillí úsáideora seasta is infheidhme agus modhanna íocaíochta atá ar fáil (lena n-áirítear bealaí miondíola agus modhanna próiseála orduithe) a shainaithint;

(d) táillí úsáideora bóthair athraitheacha agus modhanna íocaíochta atá ar fáil, lena n-áirítear bealaí miondíola agus modhanna próiseála orduithe.

(4) Na cineálacha ríthábhachtacha sonraí maidir le staid an ghréasáin:

(a) dúnadh bóithre;

(b) dúnadh lánaí;

(c) oibreacha bóthair;

(d) bearta sealadacha bainistíochta tráchta.

(5) Cineálacha eile sonraí maidir le staid an ghréasáin:

(a) dúnadh droichead;

(b) timpistí agus teagmhais;

(c) drochdhálaí bóthair;

(d) dálaí aimsire a dhéanann difear do dhromchla an bhóthair agus don infheictheacht.

(6) Na cineálacha sonraí maidir le húsáid fíor-ama an ghréasáin:

(a) méid na tráchta;

(b) luas na tráchta;

(c) suíomh agus fad scuainí tráchta;

(d) amanna taistil;

(e) am feithimh ag trasnuithe teorainneacha;

(f) inrochtaineacht limistéir seachadta;

(g) inrochtaineacht pointí agus stáisiúin athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha;

(h) infhaighteacht pointí agus stáisiúin athbhreoslaithe le haghaidh cineálacha ionadúla breosla;

(i) praghas an athluchtaithe/athbhreoslaithe ad hoc.